RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1219 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2022

lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a mhéid a bhaineann le deimhnithe caighdeánacha le haghaidh coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha áirithe a theacht isteach san Aontas agus iad a chur ar idirthuras tríd

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le rialacha sonracha sláinteachais a leagadh síos i dtaca le bia de bhunadh ainmhíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(2), pointe (a), de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") ([2]), agus go háirithe Airteagail 238(3) agus 239(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéantar lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([3]), agus go háirithe Airteagal 90, an chéad mhír, pointí (a) agus (b), agus Airteagal 126(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún ([4]), leagtar síos rialacha maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/429, deimhnithe oifigiúla dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2017/625, agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla bunaithe ar na Rialacháin sin, a bhfuil gá leo i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí áirithe ainmhithe agus earraí (dá ngairtear le chéile "na deimhnithe" anseo feasta). Go háirithe, leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, i measc nithe eile, deimhnithe caighdeánacha maidir le coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha áirithe a theacht isteach san Aontas agus iad a chur ar idirthuras tríd.

(2) I gCaibidil 50 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, leagtar amach an deimhniú sláinte/oifigiúil caighdeánach chun táirgí ilchodacha nach mbaineann fadré leo agus táirgí fadré ilchodacha a theacht isteach san Aontas, ar táirgí iad ina bhfuil aon chainníocht de tháirgí feola seachas geilitín, collaigin agus táirgí an-mhínphróiseáilte, agus atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (samhail COMP). Leagtar amach i gCaibidil 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 deimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach chun táirgí ilchodacha nach mbaineann fadré leo agus táirgí fadré ilchodacha a a chur ar idirthuras tríd an Aontas chuig tríú tír, ar táirgí iad ina bhfuil aon chainníocht de tháirgí feola, agus atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine (samhail TRANSIT-COMP). I ngach ceann den dá dheimhniú caighdeánach sin tá fianú sláinte ainmhithe sonrach le haghaidh táirgí déiríochta atá mar chuid de na táirgí ilchodacha. Ba cheart na ceanglais maidir le cóireálacha teasa sna fianuithe sin a ailíniú leis na cóireálacha a leagtar síos in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([5]). Ina theannta sin, an ceanglas dátaí táirgthe na

([1]) IO L 139, 30.4.2004, lch. 55.
([2]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.
([3]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe áirithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

dtáirgí déiríochta agus na dtáirgí bunaithe ar ghruth buí atá sna táirgí ilchodacha a shonrú, ba cheart é a scriosadh mar cheanglas iomarcach i bhfianaise na tuairisce dá bhforáiltear i bhfonóta (2) a chumhdaíonn na comhábhair uile de bhunadh ainmhíoch. Thairis sin, ba cheart fonótaí áirithe sna Nótaí a ghabhann le Cuid II a ghabhann leis na deimhnithe caighdeánacha sin a fhorlíonadh agus a shoiléiriú. Dá bhrí sin, is gá Caibidlí 50 agus 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a leasú dá réir sin.

(3) Ina theannta sin, i gCaibidil 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, ba cheart an ceanglas maidir le huimhir fhormheasa bhunaíocht tionscnaimh na dtáirgí déiríochta atá sna táirgí ilchodacha atá ar idirthuras tríd an Aontas a scriosadh mar nach ceann scríbe deiridh de na táirgí ilchodacha sin é an tAontas. Dá bhrí sin, is gá Caibidil 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a leasú dá réir sin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a leasú dá réir.

(5) Chun aon chur isteach ar thrádáil a sheachaint a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha áirithe a theacht isteach san Aontas agus iad a chur ar idirthuras tríd an Aontas, ba cheart leanúint le húsáid deimhnithe a eisítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235, mar ab infheidhme roimh na leasuithe a dhéantar sa Rialachán seo, ba cheart leanúint leis an úsáid sin a údarú ar feadh idirthréimhse faoi réir coinníollacha áirithe.

(6) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón 21 Aibreán 2021, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun trádáil a éascú, is práinneach éifeacht a bheith ag na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

(7) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ar feadh idirthréimhse go dtí an 15 Aibreán 2023, maidir le coinsíneachtaí de tháirgí ilchodacha áirithe, a bhfuil na deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla cuí ag gabháil leo, deimhnithe arna n-eisiúint i gcomhréir leis na deimhnithe caighdeánacha a leagtar amach i gCaibidlí 50 agus 52 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 mar ab infheidhme roimh na leasuithe a rinneadh ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin leis an Rialachán Cur Chun Feidhme seo, leanfaidh siad d'údarú a bheith acu i dtaca le teacht isteach san Aontas agus idirthuras tríd an Aontas ar choinníoll gur eisíodh an deimhniú an 15 Eanáir 2023 ar a dhéanaí.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chaibidil 50:

'CAIBIDIL 50

DEIMHNIÚ SLÁINTE AINMHITHE/OIFIGIÚIL CAIGHDEÁNACH LE hAGHAIDH TEACHT ISTEACH TÁIRGÍ ILCHODACHA NACH mBAINEANN FADRÉ LEO AGUS TÁIRGÍ ILCHODACHA FADRÉ SAN AONTAS, A bhFUIL AON CHAINNÍOCHT DE THÁIRGÍ FEOLA IONTU SEACHAS GEILITÍN, COLLAIGIN AGUS TÁIRGÍ AN-MHÍNPHRÓISEÁILTE, AGUS LENA gCAITHEAMH AG AN DUINE (DEIMHNIÚ CAIGHDEÁNACH COMP)

<table>
<tr><td colspan="3">TÍR</td><td colspan="4">Deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil le haghaidh an Aontais Eorpaigh</td></tr>
<tr><td rowspan="13">Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht</td><td>I.1</td><td colspan="2">Coinsíneoir/Onnmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td>I.2</td><td>Tagairt an deimhnithe

I.3 Údarás Inniúil Lárnach

I.4 Údarás Inniúil Áitiúil</td><td>I.2a Tagairt CBFRO

CÓD QR</td></tr>
<tr><td>I.5</td><td colspan="2">Coinsíní/Allmhaireoir
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.6 An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht
Ainm
Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.7</td><td colspan="2">Tír thionscnaimh Cód tíre ISO</td><td>I.9</td><td>Tír cinn scríbe</td><td>Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.8</td><td colspan="2">Réigiún tionscnaimh Cód</td><td>I.10</td><td>Réigiún cinn scríbe</td><td>Cód</td></tr>
<tr><td>I.11</td><td colspan="2">Áit seolta
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td><td colspan="2">I.12 Ceann scríbe
Ainm Uimh. Chlárúcháin/Formheasa

Seoladh

Tír Cód tíre ISO</td></tr>
<tr><td>I.13</td><td colspan="2">Ionad luchtaithe</td><td colspan="2">I.14 Dáta agus am imeachta</td></tr>
<tr><td>I.15</td><td colspan="2">Modhanna iompair
☐ Aerárthach ☐ Soitheach
☐ Iarnród ☐ Feithicil bhóthair

Sainaithint</td><td colspan="2">I.16 Post Rialaithe Teorann um Theacht Isteach
I.17 Doiciméid tionlacain

Cineál Cód

Tír Cód tíre ISO
Tagairt doiciméid tráchtála</td></tr>
<tr><td>I.18</td><td colspan="2">Coinníollacha iompair ☐ Comhthimpeallach</td><td colspan="2">☐ Fuaraithe ☐ Reoite</td></tr>
<tr><td>I.19</td><td colspan="4">Uimhir an Choimeádáin/Uimhir an tSéala
Uimh. an choimeádáin Uimh. an tséala</td></tr>
<tr><td>I.20</td><td colspan="4">An cineál deimhniúcháin</td></tr>
<tr><td colspan="4">☐ Táirgí lena gcaitheamh ag an duine</td></tr>
<tr><td colspan="2">I.21</td><td colspan="2">I.22 ☐ Le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh
I.23</td></tr>
</table>

I.24	**An líon iomlán pacáistí**	**I.25**	**Cainníocht iomlán**	**I.26**	**Glanmheáchan iomlán/ollmheáchan (kg)**
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**				
Cód AC					Cainníocht
	Fuar-stóras			Cineál pacáistíochta	Meáchan glan (kg)
Seamlas	Cineál cóireála	Cineál an tráchtearra		Líon pacáistí	Baiscuimhir
□ Tomhaltóir deiridh	An dáta bailithe/táirgthe	Gléasra monaraíochta			

TÍR **Deimhniú caighdeánach COMP**

Cuid II: Deimhniúchán

II. Faisnéis sláinte	**II.a Tagairt an deimhnithe**	**II.b Tagairt CBFRO**

Deimhnímse, a bhfuil m'ainm anseo thíos, an méid seo a leanas leis seo:

II.1. Táim feasach ar cheanglais ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [A],Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [B] Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [C], Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [D], Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 ón gCoimisiún [E], Rialachán (AE) 2017/625 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa [F], Rialacháin Tharmligthe (AE) 2019/624 [G] agus (AE) 2019/625 ón gCoimisiún [H], Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 [I] agus Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún [J].

II.2. Maidir leis na táirgí ilchodacha ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

(a) comhlíonann siad Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004, go háirithe go dtagann siad ó bhunaíocht(aí) ina gcuirtear chun feidhme clár bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís guaise (HACCP), ar a ndéanann na húdaráis inniúla iniúchadh go tráthrialta;

(b) comhlíonann siad Airteagal 6(1), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 maidir le tionscnamh na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a úsáidtear ina dtáirgeadh;

(c) táirgeadh iad i gcomhréir leis na ceanglais dá dtagraítear faoi II.1.;

(d) comhlíonann siad na ráthaíochtaí lena gcumhdaítear ainmhithe beo agus táirgí díobh dá bhforáiltear leis na pleananna iarmharacha arna dtíolacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle;

(e) tá táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch iontu a táirgeadh sna bunaíochtaí atá lonnaithe i mBallstáit an Aontais nó i dtríú tíortha atá údaraithe chun na táirgí próiseáilte sin de bhunadh ainmhíoch s theacht isteach san Aontas;

(f) táirgeadh iad faoi dhálaí lena ráthaítear comhlíontacht uasleibhéil na n- iarmhar le haghaidh lotnaidicídí a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, agus na n- uasleibhéal le haghaidh éilleán a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006.

II.3. Tá an méid seo a leanas sna táirgí ilchodacha [2] ar a dtugtar tuairisc i gCuid I:

[1] *cibé acu* [**II.3.A. Táirgí feola**[3] in aon chainníocht cé is moite de gheilitín, collaigin agus táirgí an- mhínphróiseáilte dá dtagraítear i Roinn XVI d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004:

1) a chomhlíonann na ceanglais maidir le sláinte ainmhithe i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún agus ina bhfuil na comhábhair feola seo a leanas atá incháilithe chun teacht isteach san Aontas mar sin agus a chomhlíonann na critéir a léirítear thíos:

Speiceas (4) Cóireáil (5) Tionscnamh (6)Bunaíocht nó bunaíochtaí formheasta [7]

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
	[1] [2] a thionscnaíonn ó: [1] *cibé acu* [an tír chéanna agus an tír thionscnaimh i mbosca I.7;] [1] *agus/nó* [Ballstát;] [1] *agus/nó* [crios le cód …… …….. atá údaraithe maidir le táirgí feola a theacht isteach san Aontas nach gceanglaítear cóireáil maolúcháin riosca shonrach a dhéanamh orthu mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 [M] ón gCoimisiún le cóireáil shannta A, agus an crios inar táirgeadh an táirge ilchodach údaraithe freisin maidir le táirgí feola a theacht isteach san Aontas le cóireáil shannta A.]][8] [1][3] más amhlaidh go bhfuil ábhar iontu ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe de chineál caorach nó ó ainmhithe de chineál gabhair, maidir le heinceifileapaite spúinseach bhólachta (ESB): [1] *cibé acu* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE [N] ón gCoimisiún mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB, [1] *agus/nó* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, rugadh iad, tógadh go leanúnach iad agus rinneadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;] [1] *agus/nó* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola, ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin;] [1] *agus/nó* [maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe BSE agus: (i) níl ábhar sonraithe riosca sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [O]; (ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin; (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach;]

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
	[(1) *agus/nó* [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus (i) níl ábhar sonraithe riosca sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001; (ii) níl feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ó fheoil den sórt sin; (iii) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach; (iv) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe; (v) táirgeadh agus láimhsíodh na táirgí feola ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]]
	(1) *agus/nó* [aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus (a) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach; (1) *cibé acu* [(b) níl an méid seo a leanas sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ón méid seo a leanas: (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001; (ii) feoil díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach ná ainmhithe den chineál gabhair.] (1) *nó* [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a ndearnadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
	((1) *nó* [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a thionscnaíonn ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus: (1) *cibé acu* [(i) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a forfheidhmíodh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh;] (1) *or* [(ii) [(i) níl ábhar sonraithe riosca sna hinní cóireáilte de bhunadh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair ná ní dhíorthaítear iad ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.]]] (1) *cibé acu* [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach nó rialaithe ESB;] (1) *nó* [(c) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola, tionscnaíonn siad ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca neamhchinntithe ESB agus (i) níor tugadh mar bheatha do na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola min feola agus cnámh nó geirdheascadh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe; (ii) táirgeadh agus láimhsíodh na táirgí feola ar bhealach lena n-áirithítear nach bhfuil néarfhíocháin ná fíocháin limfe iontu agus nár éillíodh iad le fíocháin den sórt sin a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]] (1) *agus/nó* go n-aicmítear an tír thionscnaimh nó an réigiún tionscnaimh i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca rialaithe ESB, agus (a) maidir leis na hainmhithe óna ndíorthaítear na táirgí feola: (i) ní dhearnadh marú seamlais ar na hainmhithe tar éis iad a stiúdadh trí ghás a instealladh sa chuas cráiniach nó níor maraíodh iad tríd an modh céanna ná ní dhearnadh marú seamlais orthu trína stolladh tar éis an néarfhíochán lárnach a stiúdadh trí uirlis shlatchruthach fhadaithe a chur isteach sa chuas cráiniach; (ii) níor tugadh mar bheatha dóibh min feola agus cnámh nó geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, mar a shainmhínítear sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe; (1) *cibé acu* [(b) níl an méid seo a leanas sna táirgí feola ná ní dhíorthaítear na táirgí ón méid seo a leanas: (i) ábhar sonraithe riosca, mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001; (ii) feoil atá díchnámhaithe go meicniúil a fuarthas ó chnámha bó-ainmhithe, ainmhithe den chineál caorach agus ainmhithe den chineál gabhair; (iii) néarfhíocháin agus fíocháin limfe a nochtadh i rith an phróisis díchnámhaithe;]'

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
	[(1) *nó* [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a rugadh, a tógadh go leanúnach agus a ndearnadh marú seamlais orthu i dtír nó i réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB nach raibh aon chás dúchasach ESB iontu;]
	[(1) *nó* [(b) maidir leis na hinní cóireáilte atá sna táirgí feola agus óna ndíorthaítear na táirgí sin, fuarthas iad ó ainmhithe a thionscnaíonn ó thír nó ó réigiún a aicmítear i gcomhréir le Cinneadh 2007/453/CE mar thír nó réigiún lena mbaineann riosca diomaibhseach ESB ina raibh aon chás dúchasach ESB amháin ar a laghad, agus: [(1) *cibé acu* [(i) rugadh na hainmhithe tar éis an dáta a forfheidhmíodh an toirmeasc ar mhin feola agus cnámh agus geirdheascadh a dhíorthaítear ó athchogantaigh, a thabhairt mar bheatha d'athchogantaigh;] [(1) *or* [(i) níl ábhar sonraithe riosca sna hinní cóireáilte de bhunadh bó- ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach agus ainmhithe de chineál gabhair ná ní dhíorthaítear iad ó ábhar den sórt sin mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001.]]]]]
	[(1) *agus/nó* [**II.3.B. Táirgí déiríochta nó táirgí bunaithe ar ghruth** buí[9] i gcainníocht ar bith a chomhlíonann na ceanglais sláinte ainmhithe a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 agus dá bhrí sin tá siad incháilithe teacht isteach san Aontas mar sin, agus: (a) a táirgeadh sna háiteanna seo a leanas: [(1) *cibé acu* [an crios le cód …… …….. mar a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a bhí saor ó ghalar crúb is béil agus ó ionfhabhtú le víreas phlá na mbó ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad roimh an dáta bleáin agus, i rith na tréimhse sin, nach ndearnadh vacsaíniú in aghaidh na ngalar sin.] [(1) *agus/nó* [an crios le cód …… …….. mar a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún agus cloíonn an chóireáil a chuirtear i bhfeidhm leis an íoschóireáil dá bhforáiltear in Airteagal 157 agus in Iarscríbhinn XXVII a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692] [(1) *agus/nó* [Ballstát;] *agus* an bhunaíocht/na bunaíochtaí…….. (uimhir formheasa bhunaíocht tionscnaimh nó bhunaíochtaí tionscnaimh na dtáirgí déiríochta nó na dtáirgí bunaithe ar ghruth buí atá sa táirge ilchodach a údaraíodh dáta táirgthe na dtáirgí déiríochta nó na dtáirgí bunaithe ar ghruth buí lena dteacht isteach san Aontas);

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
	(b) a thionscnaíonn:
	(1) *cibé acu* [an tír chéanna agus an tír dá dtagraítear i mbosca I.7;]
	(1) *agus/nó* [Ballstát;]
	(1) *agus/nó* [crios le cód …… …….. atá údaraithe maidir le bainne, gruth buí, táirgí déiríochta agus táirgí bunaithe ar ghruth buí a theacht isteach san Aontas i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus an crios inar táirgeadh an táirge ilchodach údaraithe freisin, faoi na coinníollacha céanna, maidir le bainne, gruth buí, táirgí déiríochta agus táirgí bunaithe ar ghruth buí a theacht isteach san Aontas agus a liostaítear i gCuid 1 den Iarscríbhinn sin;]
	(1) [(c) is táirgí déiríochta iad a rinneadh de bhainne amh a fuarthas ó:
	(1) *cibé acu* [*Bos Taurus*] (1), [*Ovis aries*] (1), [*Capra hircus*] (1), [*Bubalus bubalis*] (1), [*Camelus dromedarius*] (1) agus sular seoladh iad chuig an Aontas rinneadh an méid seo a leanas orthu nó táirgeadh iad de bhainne amh ar a ndearnadh:
	(1) (10) *cibé acu* [cóireáil phaistéartha lenar bhain cóireáil teasa aonair le héifeacht teasa a bhí coibhéiseach ar a laghad leis an éifeacht a bhaintear amach le próiseas paistéartha lena mbaineann 72 °C ar a laghad ar feadh 15 shoicind agus, i gcás inarb infheidhme, a bhí leordhóthanach chun frithghníomh diúltach a áirithiú in aghaidh tástáil fosfatáise alcailí a chuirtear i bhfeidhm díreach tar éis na cóireála teasa;]
	(1) *nó* [próiseas steiriliúcháin, chun luach F_o a bhaint amach a bhí cothrom le nó níos mó ná 3;]
	(1) *nó* [ultrai- theaschóireáil (UHT) ag teocht nach lú ná 135 °C in éineacht le haga coinneála oiriúnach;]
	(1) *nó* [cóireáil phaistéartha ardteochta gearrthréimhse (HTST) ag 72 °C ar feadh 15 shoicind a cuireadh i bhfeidhm faoi dhó ar bhainne ag a raibh pH a bhí cothrom le nó níos mó ná 7,0 lenar baineadh amach, i gcás inarb infheidhme, frithghníomh diúltach in aghaidh tástáil fosfatáise alcailí, a cuireadh i bhfeidhm díreach tar éis na cóireála teasa.]
	(1) *nó* [cóireáil HTST ar bhainne ag a raibh pH faoi bhun 7,0.]
	(1) *nó* [cóireáil HTST in éineacht le cóireáil fhisiciúil eile trí:
	(1) *cibé acu* [(i) an pH a ísliú faoi bhun 6 ar feadh uair an chloig;]
	(1) *nó* [téamh breise a bhí cothrom le nó níos mó ná 72 °C, in éineacht le triomú;]]]
	(1) *nó* ainmhithe cé is moite de *Bos Taurus*, *Ovis aries*, *Capra hircus, Bubalus bubalis* agus *Camelus dromedarius* agus roimh iad a sheoladh chuig an Aontas, rinneadh an méid seo a leanas orthu nó táirgeadh iad de bhainne amh ar a ndearnadh:
	(1) *cibé acu* [próiseas steiriliúcháin, chun luach F_o a bhaint amach a bhí cothrom le nó níos mó ná 3;]
	(1) *nó* [ultrai- theaschóireáil (UHT) ag teocht nach lú ná 135 °C in éineacht le haga coinneála oiriúnach;]]]

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
	[(1) (d) is táirgí bunaithe ar ghruth buí iad agus tagann siad ó chrios a liostaítear in Iarscríbhinn XVII, Cuid 1, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le bainne, gruth buí agus táirgí bunaithe ar ghruth buí a theacht isteach san Aontas.]
	(1) *agus/nó* [**II.3.C. Táirgí iascaigh** ar de thionscnamh bhunaíocht fhormheasta N°…… (11) atá suite sa tír …… (12).]
	(1) *agus/nó* [**II.3.D. Táirgí uibhe**
	II.3.D.1. a thionscnaíonn ó:
	(1) *cibé acu* [sa chrios le cód …… …….. (13). a liostaítear, ar dháta eisiúna an deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúil seo, i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 maidir le teacht isteach táirgí uibhe san Aontas agus ina gcuirtear clár faireachais galair chun feidhme le haghaidh fliú éanúil ardphataigineach lena gcomhlíontar na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 160 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692;]
	(1) *agus/nó* [Ballstát;]
	II.3.D.2. táirgeadh iad d'uibheacha a thagann ó bhunaíocht lena gcomhlíontar ceanglais Roinn X d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 nár tharla, i rith na tréimhse 30 lá roimh dháta bailithe na n- uibheacha, aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ná d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle inti agus:
	(1) *cibé acu* [(a) i bhfoisceacht 10 km di, lena n- áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig de fhliú éanúil ardphataigineach ar feadh tréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n- uibheacha;]
	(1) *nó* [(a) rinneadh an chóireáil seo a leanas ar na táirgí uibhe:
	(1) *cibé acu* [cóireáladh gealacán uibhe leachtach:
	(1) *cibé acu* [ag 55.6 °C ar feadh 870 soicind;]
	(1) *nó* [ag 56,7 °C ar feadh 232 shoicind;]]
	(1) *nó* [cóireáladh buíocáin a bhí 10 % saillte ag 62,2 °C ar feadh 138 soicind.]
	(1) *nó* [cóireáladh gealacán uibhe triomaithe:
	(1) *cibé acu* [ag 67 °C ar feadh 20 uair an chloig;]
	(1) *nó* [ag 54,4 °C ar feadh 50,4 uair an chloig;]
	(1) *nó* [maidir le huibheacha iomlána:
	(1) *cibé acu* [cóireáladh ag 60 C ar feadh 188 soicind iad;]
	(1) *nó* [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]]

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP

[1] *nó* [maidir le cumaisc uibheacha iomlána:

[1] *cibé acu* [cóireáladh ag 60 C ar feadh 188 soicind iad;]

[1] *nó* [cóireáladh ag 61,1 C ar feadh 94 soicind iad;]]

[1] *nó* [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]]]

[1] *cibé acu* [(b) i bhfoisceacht 10 km di, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, críoch tíre comharsanaí, nárbh ann d'aon ráig d'ionfhabhtú le víreas ghalar Newcastle ann laistigh de thréimhse 30 lá ar a laghad roimh dháta bailithe na n-uibheacha;]

[1] *nó* [(b) rinneadh an chóireáil seo a leanas ar na táirgí uibhe:

[1] *cibé acu* [cóireáladh gealacán uibhe leachtach:

[1] *cibé acu* [cóireáladh ag 55 C ar feadh 2 278 soicind iad;]

[1] *nó* [cóireáladh ag 57°C ar feadh 986 soicind iad;]

[1] *nó* [cóireáladh ag 59 C ar feadh 301 soicind iad;]

[1] *nó* [cóireáladh buíocáin a bhí 10 % saillte ag 55 C ar feadh 176 shoicind;]

[1] *nó* [cóireáladh gealacán uibhe triomaithe ag 57 C ar feadh 50.4 uair an chloig;]

[1] *nó* [maidir le huibheacha iomlána:

[1] *cibé acu* [cóireáladh ag 55 C ar feadh 2 521 soicind iad;]

[1] *nó* [cóireáladh ag 57°C ar feadh 1 596 soicind iad;]

[1] *nó* [cóireáladh ag 59°C ar feadh 674 soicind iad;]

[1] *nó* [rinneadh iad a chócaráil go hiomlán;]]]

Nótaí

I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn / Tuaisceart Éireann i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, áirítear an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann sna tagairtí d'Aontas Eorpach sa deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo.

Líonfar isteach an deimhniú sláinte ainmhithe/oifigiúil seo de réir na nótaí maidir le deimhnithe a líonadh isteach dá bhforáiltear i gCaibidil 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235.

Cuid I:

Tagairt bosca I.7: Cuir isteach cód ISO thír tionscnaimh an táirge ilchodaigh ina bhfuil táirge feola a liostaítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún nó in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme 2021/405 ón gCoimisiún[A], agus/nó le haghaidh táirgí bunaithe ar ghruth buí a liostaítear in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus/nó le haghaidh táirgí déiríochta a liostaítear in Iarscríbhinní XVIII nó XVII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 nó in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, agus/nó le haghaidh táirgí iascaigh a liostaítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405, agus/nó le haghaidh táirgí uibhe a liostaítear i gCuid 1 d'Iarscríbhinn XIX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

[A] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe le haghaidh a dtomhailte ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

TÍR	Deimhniú caighdeánach COMP
